

Clár

Clár um Fhilleadh ar Oideachas	3
--------------------------------	---

A – Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

1. Cad é an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas?	4
2. Cad iad na roghanna staidéir?	4
3. Conas a cháilítear don Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas?	6
4. Conas a dhéantar iarratas?	12
5. Rátaí íocaíochta?	14
6. An ndéantar faireachán ar an Liúntas?	16
7. An féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh?	16

B – Cúrsaí oideachais, oiliúna agus forbartha

1. Cad iad na cúrsaí oideachais, oiliúna agus forbartha?	17
2. Conas a cháilítear?	17
3. Conas a dhéantar iarratas?	18
4. An bhfaighidh mé fós m'íocaíocht leasa shóisialaigh?	18
5. An ndéanfaidh mé 'síniú' fós ar an gcaoi chéanna?	19
6. Conas a lorgóidh mé oiliúint?	19

Ar leanúint thall

Lúnasa 2016

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 25 chun na sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

C – Cúrsaí páirtaimseartha oideachais

1. Cad iad na cúrsaí páirtaimseartha oideachais? 20
2. Conas a dhéantar iarratas? 20

D – Oideachas Bunata Aosach

1. Cad is Oideachas Bunata Aosach ann? 21
2. Conas a dhéantar iarratas? 21

E – Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS)

1. Cad í an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais? 22
 2. Conas a cháilítear? 22
 3. Conas a dhéantar iarratas? 24
 4. Conas a íoctar SDOG/VTOS ? 24
 5. An ndéanfaidh mé ‘síniú’ fós ar an gcaoi chéanna? 25
- Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil? 25

Clár um Fhilleadh ar Oideachas

Má chaill tú deiseanna oideachais nuair a bhí tú níos óige nó más gá duit do chuid scileanna a chur bord ar bhord leis na hathruithe is déanaí chun go mbeidh seans níos fearr agat post a fháil, is féidir go mbeidh an Roinn Coimirce Sóisialaí in ann cabhrú leat.

Tá raon clár oideachais athdheise á reáchtáil againn chun cabhrú le daoine dífhostaithe, le tuismitheoirí aonair agus le daoine faoi mhíchumas a scileanna agus a gcáilíochtaí a fheabhsú.

Déantar cur síos san fhoilseachán seo ar roinnt bealaí inar féidir leat filleadh ar oideachas lánaimseartha nó páirtaimseartha le linn duit leanúint den tacaíocht ioncaim a fháil fós. Áirítear leis na cláir idir bhonnchúrsaí bunúsacha agus chúrsaí iarchéime tríú leibhéal.

Más mian leat tabhairt faoi chúrsa lánaimseartha ar an dara leibhéal nó ar an tríú leibhéal, is féidir go gcáileoidh tú do **Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas**. Is féidir go leanfaidh tú den íocaíocht leasa shóisialaigh a fhaigheann tú faoi láthair a fháil, má tá tú ag smaoineamh ar pháirt a ghlacadh i gcúrsaí páirtaimseartha eile **oideachais, oiliúna nó forbartha**, faoi réir réamhcheadú na Roinne seo.

Cuimsíonn an Clár um Fhilleadh ar Oideachas na roghanna staidéir seo a leanas:

- Cúrsaí oideachais dara leibhéal
- Cúrsaí oideachais tríú leibhéal
- Cúrsaí oideachais, oiliúna agus forbartha
- Cúrsaí páirtaimseartha oideachais.

Thairis sin, reáchtálann an Roinn Oideachais agus Scileanna an **Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS)**. Tá an scéim seo fíor-oiriúnach más rud é gur fhág tú an scoil tamall maith ó shin.

A - Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

1. Cad é an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas?

Scéim is ea an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas atá oiriúnach do dhaoine dífhostaithe, do thuismitheoirí aonair agus do dhaoine faoi mhíchumas a fhaigheann íocaíochtaí áirithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Féadfar an liúntas a íoc le daoine ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí faofa oideachais dara leibhéal nó tríú leibhéal. **Ní** íocaíocht dífhostaíochta é an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas. Íoctar an Liúntas in ionad na hÍocaíochta Leasa Shóisialaigh a chuir i dteideal thú páirt a ghlacadh sa scéim seo.

Má tá tú ag síniú i gcomhair creidmheasanna dífhostaíochta nó má tá tú ag cur isteach teastas leighis i dtaca le creidmheasanna breoiteachta, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh sa scéim ach ní bhfaighidh tú aon íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Ón 1 Meitheamh 2014, ní mór do Chásoifigeach measúnú a dhéanamh ar iarratais nua.

2. Cad iad na roghanna staidéir?

Tá dhá rogha staidéir ar fáil faoin scéim:

- Rogha Dara Leibhéal
- Rogha Tríú Leibhéal.

Rogha Dara Leibhéal

Is féidir leat freastal ar chúrsa oideachais dara leibhéal in aon scoil phobail, in aon scoil chuimsitheach, in aon mheánscoil nó in aon ghairmscoil.

Caithfidh an cúrsa:

- a bheith ina chúrsa lae lánaimseartha, agus
- caithfidh cáilíocht atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a bheith mar thoradh air, nó
- caithfidh cáilíocht atá faofa ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna a bheith mar thoradh air.

Áirítear leis na cúrsaí an Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht, an Iar-Ardteistiméireacht nó Dioplóma Náisiúnta (Comhairle um Oideachas Gnó agus Teicneolaíochta - COGT/BTEC).

Ina theannta sin, aithnítear Bonnchúrsaí nó Cúrsaí Rochtana lánaimseartha oideachais tríú leibhéal faoin Rogha Dara Leibhéal de scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas.

Rogha Tríú Leibhéal

Is féidir leat tabhairt faoi chúrsa tríú leibhéal in aon ollscoil, in aon choláiste tríú leibhéal nó in aon fhoras ar choinníoll:

- gur cúrsa lae lánaimseartha é, agus
- go bhfuil an cúrsa faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaca le Scéim na nDeontas do Mhic Léinn (faoin Acht um Tacaíocht do Mhic Léinn 2011 agus á riar ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn - SUSI),
nó
- go bhfuil an cúrsa aitheanta ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna.

Tabhair faoi deara

Ní bhaineann an rogha iarchéime de scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas ach le daoine ar mian leo tabhairt faoi cheann díobh seo:

- cúrsa iarchéime staidéir arb é an toradh leis ná cáilíocht Ard-Diplóma (H. Dip.) i ndisciplín ar bith, **nó**
- Máistir Gairmiúil Oideachais (Bunmhúinteoireacht nó Meánmhúinteoireacht).

Níl ach cúrsaí iarchéime in Éirinn intofa do scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas.

Ní aithnítear cáilíochtaí iarchéime eile, agus céim Mháistir san áireamh, chun críocha an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas.

Ní bhfaighidh tú an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas má tá cáilíocht iarchéime agat cheana.

3. Conas a cháilítear don Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas?

Oireann an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas do réimse leathan daoine a bhféadfaí go mba mhaith leo fillleadh ar oideachas. Mar sin, tá bealaí éagsúla ina gcáilíonn daoine, de réir a n-aoise agus de réir a ndálaí.

Chun cáiliú don Liúntas seo, ní mór duit a bheith:

- 18 mbliana d’aois agus faoi bhun 21 bhliain d’aois agus an t-oideachas foirmiúil fágtha agat le dhá bhliain,
- 21 bhliain d’aois ar a laghad, **nó**
- 24 bliana d’aois ar a laghad más mian leat tabhairt faoi staidéar iarchéime,

agus

- ní mór ceann de na híocaíochtaí seo a bheith á fháil agat,
 - **le 3 mhí (78 lá i ndífhostaíocht) ar a laghad i dtaca leis an Rogha Dara Leibhéal**

- **le 9 mí (234 lá i ndífhostaíocht) ar a laghad i dtaca leis an Rogha Tríú Leibhéal**
 - Liúntas nó Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta,
 - Cúnamh Feirme,
 - Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,
 - Íocaíocht Eatramhach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta,
 - Liúntas nó Sochar do Bhanchéile Tréigthe,
 - Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Ranníocach),
 - Liúntas do Bhanchéile Príosúnaigh, nó
 - Liúntas Cúramóra.

Lena chois sin, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas má tá tú:

- 18 mbliana d’aois ar a laghad, **nó**
- 24 bliana d’aois ar a laghad más mian leat tabhairt faoi staidéar iarchéime, **agus**
- má fhaigheann tú ceann díobh seo a leanas,
 - **le 3 mhí (78 lá i ndífhostaíocht) ar a laghad i dtaca leis an Rogha Dara Leibhéal**
 - **le 9 mí (234 lá i ndífhostaíocht) ar a laghad i dtaca leis an Rogha Tríú Leibhéal**
 - **le 12 mhí (312 lá) ar a laghad i dtaca leis an Máistir Gairmiúil Oideachais**
 - Pinsean na nDall,
 - Liúntas Míchumais,
 - Pinsean Easláine,
 - Forlíonadh Éagumais (bunaithe ar Phinsean Míthreorach ar feadh an tsaoil), nó
 - *Dhá bhliain i gcás an tSochair Bhreiteachta.

*Is féidir am a chaitear ar an Sochar Breoiteachta a áireamh ó thaobh na tréimhse cáiliúcháin, fad is a chaitear 50% ar a laghad den tréimhse cháiliúcháin ar an íocaíocht ábhartha leasa shóisialaigh a chuireann i dteideal thú dáiríre páirt a ghlacadh i scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas. Maolaítear an riail 50%, áfach, i dtaca le daoine a fhaigheann an Sochar Breoiteachta agus a cháilíonn ina dhiaidh sin d'íocaíocht cháiliúcháin eile a bhaineann le breoiteacht.

Líon na laethanta dífhostaíochta a íoctar nó a chuirtear chun sochair de réir na reachtaíochta ar an lucht cuardaigh fostaíochta.

Maidir le daoine dar deonaíodh Iomarcaíocht Reachtúil faoi reachtaíocht na hÉireann, d'fhéadfadh fáil a bheith acu láithreach ar scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas, (nó laistigh de bhliain amháin i ndiaidh dheonú na hlomarcaíochta Reachtúla), ar chuntar go ndéanfaí teidlíocht ar íocaíocht ábhartha leasa shóisialaigh a shuíomh díreach sula rachfaí i mbun an chúrsa fhaofa staidéir. Ní féidir, áfach, fáil ar an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a bheith láithreach ag daoine a roghnaíonn scéim iomarcaíochta deonaí.

I gcoitinne, ní foláir nó gurb é an toradh a bheidh ar an gcúrsa lánaimseartha faofa ná ardcháilíocht ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí seachas an ceann atá ag an duine cheana. Níor chóir go mbeadh teidlíocht ag daoine atá ina gcéimithe cheana ar an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas chun gabháil do chúrsa ar leibhéal comhchosúil cáilíochta. Má tá cáilíocht ag duine ar leibhéal 4 ó Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oilíúna, ní foláir nó go mbíonn siad ag dul chun cinn i dtreo cáilíochta ar leibhéal 5. Ní féidir le duine ag a bhfuil gnáthchéim ar leibhéal 7 cheana ach iarratas a dhéanamh ar an gcúrsa forlíontach bliana ar mhaithe le céim onóracha. Níl an duine sin intofa chun cromadh ar nuachúrsa céime ceithre bliana ar leibhéal 8.

Is féidir Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a cheadú do dhuine ag a bhfuil cáilíocht ar Leibhéal 5 nó 6 cheana faoin gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí chun go dtabharfaidh sé/sí faoi chúrsa **ar an leibhéal céanna**. Ní bhaineann an t-athrú seo ar an riail um dhul chun cinn **ach** i ndálaí teoranta áirithe le cúrsaí dara leibhéal ar leibhéal 5 agus 6.

Tabhair faoi deara

- Féadfar am a chaitear ar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, SDOG/VTOS, Cúrsa Lánaimseartha Oilíúna SOLAS, Tús, Scéim Náisiúnta Intéirneachta, Clár na Socrúchán Oibre, Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha, Scéimeanna Fostaíochta Pobail, Clár an Gheilleagair Shóisialta, Scéim Shóisialta na Tuaithe, Scéim na Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, Scéim Ghearrthréimhseach na Fiontraíochta, Tairseach/Gateway nó Postchúnaimh a áireamh ó thaobh na tréimhse cáiliúcháin.

Ní bhaineann an fhoráil seo le hábhar ach i gcásanna ina ndearna an t-iarratasóir teidlíocht ar íocaíocht cháiliúcháin leasa shóisialaigh a shuíomh díreach roimh dó/di a c(h)úrsa a thosú. Féadfar feidhm a bhaint as tréimhsí a chaitear ar aon íocaíocht cháiliúcháin agus tréimhsí ar scéimeanna gníomhachtúcháin eile nach mbristear le breis agus 12 mhí (52 sheachtain) ó thaobh na critéir maidir leis an tréimhse cháiliúcháin a shocrú.

Is i ndálaí ina bhfuil Cásóifigeach sásta gur fearr an rogha gníomhachtúcháin é cúrsa staidéir, agus sna dálaí sin amháin, ar ceart d'iarratasóir stad de bheith ag gabháil do na cláir seo roimh an gcríoch.

Ní chuimsíonn intofacht don Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas Daoine Fásta Cáilithe na rannpháirtithe sna scéimeanna seo.

- Is féidir am a chaitear ar Ógtheagmháil a áireamh ó thaobh na tréimhse cáiliúcháin i dtaca le Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, an túsce a dhéantar teidlíocht ar íocaíocht ábhartha leasa shóisialaigh a shuíomh, roimh do dhuine an Clár Ógtheagmhála a chríochnú, nó tar éis do dhuine an Clár Ógtheagmhála a chríochnú.

Tabhair faoi deara - ar leanúint

- Is féidir am a chaitear ar Liúntas Forlíontach Leasa nó Soláthar Díreach ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a áireamh ó thaobh na tréimhse cáiliúcháin i dtaca le Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, ar chuntar go ndéantar teidlíocht ar íocaíocht ábhartha leasa shóisialaigh a shuíomh sula dtosaítear an cúrsa oideachais.
- Más rud é go n-éiríonn duine as ceann de na scéimeanna seo, féadfaidh cásoifigeach Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a mholadh mar thionscaint níos fearr.
- Is féidir am a chaitear i bpríosún a ghlacadh, nó a áireamh ó thaobh na tréimhse cáiliúcháin i dtaca le Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, ar chuntar go ndéantar teidlíocht ar íocaíocht ábhartha leasa shóisialaigh a shuíomh sula dtosaítear cúrsa faofa oideachais.
- Má cháilíonn tú do ‘chreidmheasanna curtha chun sochair’, roimh duit cúrsa faofa staidéir a thosú, leanfaidh tú de ‘chreidmheasanna’ a fháil le linn duit a bheith ar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.
- Ní mór do chúrsa a bheith á thosú agat i mbliain a haon.
Is féidir leat iarratas a dhéanamh*, áfach:
 - a) Má tá tú díolmhaithe ó chuid de do chúrsa mar gheall ar cháilíocht a fuair tú i gcúrsa roimhe seo. Mar shampla, tá ardteastas agat i gcúrsa is mian leat anois a dhéanamh ar leibhéal na céime.
 - b) Má chríochnaigh tú bliain/blianta tosaigh an chúrsa mar mhac léinn páirtaimseartha.
 - c) Má bhí bliain/blianta tosaigh an chúrsa críochnaithe agat ar bhonn lánaimseartha roimh duit a bheith dífhostaithe, nó sula ndearnadh iomarcaíocht ort agus iomarcaíocht reachtúil á fáil agat ón bhfostaíocht lánaimseartha, (coinnítear amach ón bhforáil seo na daoine sin den lucht cuardaigh fostaíochta a roghnaíonn an iomarcaíocht dheonach).

* Faoi réir coinníollacha eile na scéime a chomhlíonadh.

Chun eolas reatha ar choinníollacha cáiliúcháin na scéimeanna a fháil, déan teagmháil, le do thoil, le do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le:

Scéimeanna um Fhilleadh ar Oideachas

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Tithe an Rialtais

Lóiste na Sionainne

Cora Droma Rúisc

Contae Liatroma.

Guthán: 071 96 72698

Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas do Dhaoine Fásta Cáilithe

Is féidir leis an mbeirt pháirtneir cáiliú do Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas in éineacht le chéile agus is féidir tacú leo chun tabhairt faoi chúrsaí staidéir.

Féadfar an Cleithiúnaí, ar Duine Fásta Cáilithe é/í, ar dhuine a fhaigheann ceann de na híocaíochtaí cáiliúcháin chun críocha an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas a fhaomhadh do Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, ar chuntar go ndéanann sé/sí teidíocht ar íocaíocht cháiliúcháin i dtaca le Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a shuíomh dá c(h)eart féin agus faoi réir gach coinníoll eile an Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas a chomhlíonadh. Is cóir tréimhsí ina bhfaightear Liúntas um Dhuine Fásta Cáilithe ar íocaíochtaí cáiliúcháin a áireamh mar aon le tréimhsí ar bith ina bhfaightear íocaíocht cháiliúcháin dá c(h)eart féin, ar chuntar nach mbristear na héilimh le breis agus 12 mhí. Ní shíneann an fhoráil chun intofacht a chur ar fáil i dtaca leis an gCleithiúnaí, ar Duine Fásta Cáilithe é/í, ar dhuine ar a ndéantar lomarcaíocht Reachtúil.

Ní chuimsíonn intofacht don Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas Daoine Fásta Cáilithe na rannpháirtithe sna scéimeanna gníomhachtúcháin.

4. Conas a dhéantar iarratas?

Is cóir duit teagmháil a dhéanamh le do choláiste/scoil dara leibhéal nó tríú leibhéal áitiúil chun sonraí dá gcúrsaí a fháil. Tabharfaidh siad comhairle duit maidir le conas áit ar an gcúrsa a roghnaíonn tú a fháil.

Nuair a bheidh glactha leat ar chúrsa, líon an fhoirm **BTE 1** chun é sin a chur in iúl dúinn.

Is cóir iarratais ar Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a dhéanamh sula dtosaíonn cúrsa faofa ach glacfar le hiarratais dhéanacha má fhaightear iad laistigh de 30 lá ó dháta tosaigh an chúrsa.

Tugann an íocaíocht leasa shóisialaigh a fhaigheann tú le fios cén áit ar cóir an fhoirm **BTE 1** a sheoladh agus í líonta agat. Ón 1 Meitheamh 2014, déanfaidh Cásoifigeach measúnú ar na hiarratais nua.

- Má fhaigheann tú:
 - Liúntas nó Sochar do Bhancheile Tréigthe,
 - Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Neamh- Ranníocach),
 - Liúntas do Bhancheile Príosúnaigh, nó
 - Pinsean na nDall

cuir an fhoirm **BTE 1** líonta chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach.

- Má fhaigheann tú:
 - Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Cúnamh Feirme nó Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora atá iníoctha ó do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil

cuir an fhoirm **BTE 1** líonta ar ais chuig do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

- Má fhaigheann tú:
 - Liúntas Míchumais,
 - Pinsean Easláine,
 - Forlíonadh Éagumais,
nó
 - Liúntas Cúramóra

cuir an fhoirm **BTE 1** líonta chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort.

- Má tá Sochar Breoiteachta á fháil agat le dhá bhliain anuas ar a laghad (féach na nótaí ar leathanaigh 7 agus 8), cuir an fhoirm **BTE 1** líonta chuig:

Scéimeanna um Fhilleadh ar Oideachas

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Rannóg an tSochair Bhreoiteachta
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath 1

5. Ráta íocaíochta?

Más iontrálaí nua thú ar íocaíocht leasa shóisialaigh, seachas íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta atá bainteach le haois, a cháilíonn don Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, cuirfear an ráta seachtainiúil is iníochta in ionad d'íocaíochta reatha. San áit ar cuí sin, is féidir freisin go gcáileoidh tú do mhéaduithe do dhuine fásta cáilithe agus do gach leanbh cáilithe.

Maidir le hiontrálaithe nua faoi bhun 26 bliana d'aois ar íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta atá bainteach le haois, gheobhaidh siad uasráta pearsanta €160. I gcásanna inarb ann d'acmhainn, measúnófar iad i bhfianaise an ráta €160.

Ón mbliain acadúil 2016/17, measúnófar rannpháirtithe nua sa Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, a théann le hobair pháirtaimseartha laistigh den bhliain acadúil, de réir na híocaíochta príomha. San áit a n-eascraíonn athrú ar dhálaí ar bhonn acmhainne (is é sin le rá, san áit a dtosaíonn/gcailleann do chéile/pháirtneir obair, ioncam méadaithe) ní mór ráta íocaíochta do Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas a athmheas trí úsáid a bhaint as na rialacha is infheidhmithe maidir le hacmhainn ar d'íocaíocht cháiliúcháin.

Is féidir an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a íoc go díreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais. Ní foláir nó gur cuntas reatha, taisce nó coigiltis é an cuntas seo, ach ní ghlacfar le cuntas **morgáiste**.

Tabhair faoi deara

- **Má bhí íocaíocht dífhostaíochta á fáil agat roimhe seo, íoctar an liúntas i rith na bliana acadúla amháin. Ní íoctar é i leith thréimhse an tsamhraidh idir na blianta acadúla.**
- **Féadfaidh rannpháirtithe sa Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas nach n-éiríonn leo post a fháil i rith an tsamhraidh, éileamh a dhéanamh ar íocaíocht dífhostaíochta, ach ní féidir é seo a dhéanamh ach má chomhlíonann siad na gnáthchoinníollacha cáiliúcháin.**

Tabhair faoi deara - ar leanúint

- Má leanann tú ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile de do chúrsa nó má bhogann tú ar aghaidh chun ardcháilíocht a bhaint amach, gheobhaidh tú do Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas ó thús na bliana acadúla nua má chomhlíonann tú na rialacha i leith na híocaíochta príomha, mar shampla an tástáil acmhainne i leith an Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a chomhlíonadh.
- Má chríochnaíonn tú cúrsa amháin, ach más rún duit dul ar aghaidh chun ardcháilíocht a bhaint amach sa chéad bhliain acadúil eile, ní mór duit athiarratas a dhéanamh ar an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.
- Ní féidir Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus Deontas Cothabhála do Mhac Léinn Ardoideachais a fháil ag an am céanna. Is féidir, áfach, go mbeidh tú intofa do mhuirear sheirbhísí na mac léinn agus/nó do tháillí teagaisc faoi scéim na ndeontas do mhic léinn. Seiceáil www.education.ie chun sonraí a fháil.

Sochair thánaisteacha

Féadfaidh tú sochair thánaisteacha ar bith atá agat cheana amhail Liúntas Breosla, Forlíonadh Aiste Bia, Forlíonadh Cíosa nó Forlíonadh Úis Mhorgáiste (Féadfaidh aon mhéadú ioncaim dul i bhfeidhm ar d'Fhorlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste nó má fhaigheann do chéile nó do pháirtneír íocaíocht de réir tástála acmhainne amhail Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Liúntas Míchumais), a choimeád faoin Scéim um Liúntas Forlíontach Leasa.

Ón mbliain acadúil 2016/17, measúnófar rannpháirtithe nua sa Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, a théann le hobair pháirtaimseartha laistigh den bhliain acadúil, de réir a n-íocaíochta príomha. **Tá** aon ioncam a fhaigheann tú nó do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir inmheasúnaithe i dtaca le Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste agus féadfaidh sé dul i bhfeidhm ar liúntas breosla más iníochta.

Déan teagmháil leis an oifig áitiúil a riarann an Liúntas Forlíontach Leasa chun a fháil amach conas mar a fhéadfar dul i bhfeidhm ar d'Fhorlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste.

6. An ndéantar faireachán ar an Liúntas?

Déantar. Ní mór duit litir a chur isteach ó oifig an chláraitheora/ ó oifig thaifid na mac léinn/ón oifig iontrála ina ndeimhnítear go bhfuil tú cláraithe mar mhac léinn lánaimseartha. Caithfidh tú an t-eolas seo a sholáthar sula bhfaighidh tú aon íocaíocht. I gcaitheamh na bliana acadúla, is féidir go mbeidh ort deimhniú a thabhairt go bhfuil tú fós ag glacadh páirte sa chúrsa.

Ní íocaíocht dífhostaíochta é an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus ní cheanglaítear ar rannpháirtithe ‘siniú a dhéanamh’.

Ní mór i gcónaí do dhaoine a fhaigheann Liúntas nó Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta réamhcheadú na Roinne a lorg chun páirt a ghlacadh in aon chúrsa oideachais. Mura n-iarrtar an ceadú seo, is féidir go leanfaidh ró-íocaíocht agus ionchúiseamh féideartha dá thoradh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur cóir duit é a chur in iúl don Roinn láithreach má éiríonn tú as do chúrsa oideachais nó má théann tú i mbun fostaíochta. Is féidir freisin go mbeidh tú faoi dhliteanas ó thaobh airgead a íocadh leat faoin Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a íoc ar ais linn. Má dhéanann tú athiarratas ar aon íocaíocht leasa shóisialaigh, ní mór duit coinníollacha cáiliúcháin na scéime a chomhlíonadh. Áirítear leo seo an tuilleamh ar fad agus an t-ioncam eile ar fad a nochtadh.

7. An féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh?

Scéim neamhrechtúil is ea an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus, dá bhrí sin, mura n-aontaíonn tú le cinneadh ar d'iarratas, níl an ceart agat chun achomharc a dhéanamh chuig Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh.

Is féidir leat, áfach, athbhreithniú ar do chás laistigh de 21 lá a lorg (i scríbhinn) ó oifigeach eile sa Lárionad Intreo áitiúil, san

Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó sa Rannóg a bhaineann le hábhar, agus aon fhianaise nua chun tacú le d'iarraidh ar athbhreithniú a chur faoi iamh leis.

B - Cúrsaí oideachais, oiliúna agus forbartha

1. Cad iad na cúrsaí oideachais, oiliúna agus forbartha?

Féadfar réimse leathan cúrsaí amhail forbairt phearsanta, oideachas bunúsach, oiliúint ghinearálta nó jabscileanna sonracha a chuimsiú faoi Chúrsaí Oideachais, Oiliúna agus Forbartha. Ní mór duit coinníollacha na scéime a chomhlíonadh agus ní foláir nó gur léir go bhfeabhsóidh an cúrsa d'ionchais fostaíochta.

Ní mór do Chásoifigeach (ar a dtugtaí éascaitheoir tráth) na cúrsaí a fhaomhadh i dtosach.

Is féidir leat coinne a shocrú le Cásoifigeach trí theagmháil a dhéanamh le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara

Sula dtosóidh tú cúrsa, déan seiceáil i gcónaí le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil chun a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil tú i dteideal íocaíochta. Níl an rogha oideachais, oiliúna agus forbartha ar fáil do dhaoine a dhéanann an rogha go ngabhfaidh siad do chúrsaí lánaimseartha.

2. Conas a cháilítear?

Má tá tú 21 bhliain d'aois nó os a chionn sin, cláraithe mar dhuine dífhostaithe agus más mian leat freastal ar chúrsa, ní mór ceann de na híocaíochtaí seo a leanas a bheith á fháil agat nó ní mór duit a bheith ag síniú i gcomhair 'creidmheasanna' le sé mhí (156 lá) ar a laghad:

- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, nó

- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

Má tá tú 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 21 bhliain d'aois agus má tá an t-oideachas foirmiúil fágtha agat le dhá bhliain nó níos mó, is féidir leat cáiliú má tá ceann de na híocaíochtaí seo a leanas á fháil agat nó má tá tú ag síniú i gcomhair 'creidmheasanna' le sé mhí:

- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, nó
- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

Ní mór duit na coinníollacha seo a chomhlíonadh roimh duit an cúrsa a thosú.

Tabhair faoi deara

Murab ionann agus an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, ní áirítear am a chaitear ar SDOG/VTOS, SOLAS, Scéimeanna Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta na Tuaithe, Liúntas um Fhilleadh ar Obair, Tionscnamh Jabanna SOLAS nó Postchúnamh ó thaobh na tréimhse cáiliúcháin sé mhí.

3. Conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh, nuair a bheadh áit i scoil, i gcoláiste nó i gcomhlacht faofa oiliúna faighte agat, trí fhoirm **BTE1** a líonadh. Cuir an fhoirm **BTE 1** líonta ar ais chuig do Chásoifigeach i do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

4. An bhfaighidh mé fós m'íocaíocht leasa shóisialaigh?

Leanfaidh tú de d'íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil sa ghnáthshlí, ar chuntar gurb ann fós do theidlíocht ar íocaíocht do Lucht

Cuardaigh Fostaíochta.

5. An ndéanfaidh mé ‘siniú’ fós ar an gcaoi chéanna?

Is féidir go ndéanfaidh do Lárionad Intreo áitiúil nó d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil socruithe ‘siniúcháin’ ar leith a dhéanamh más gá sin.

6. Conas a lorgóidh mé oiliúint?

Is éard atá i SOLAS (ar a dtugtaí FÁS tráth) ná an tÚdarás Náisiúnta Oiliúna agus Fostaíochta. Má tá obair nó oiliúint á lorg agat, is cóir duit clárú le d’Oifig SOLAS áitiúil.

Thairis sin, is féidir leat eolas ar chúrsaí a fháil uathu seo:

- Cásóifigeach (féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis/léi trí do Lárionad Intreo áitiúil nó d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil),
- do Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúil (ar a dtugtaí Coiste Gairmoideachais tráth) nó do scoil, nó
- áiteanna eile mar leabharlann phoiblí.

Tabhair faoi deara

- Má tá tú ag gabháil do chúrsa faofa oideachais, oiliúna nó forbartha, ní féidir leat liúntas oiliúna a fháil le linn duit Liúntas nó Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a éileamh.**
- Tá an t-ioncam ar fad atá agat nó ag do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir inmheasúnaithe chun críocha an Fhorlónaidh Chíosa nó Úis Mhorgáiste. Ciallaíonn sé seo go rachaidh aon mhéadú ar ioncam, cuir i gcás mar gheall ar liúntas oiliúna nó deontas cothabhála, i bhfeidhm ar d’Fhorlónadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste.**

Déan teagmháil le d’Oifigeach Leasa Phobail chun a fháil amach conas mar a fhéadfaidh ioncam breise dul i bhfeidhm ar d’Fhorlónadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste.

C - Cúrsaí páirtaimseartha oideachais

1. Cad iad na cúrsaí páirtaimseartha oideachais?

Mura mian leat staidéar lánaimseartha a dhéanamh, is féidir go mbeidh tú in ann cúrsa páirtaimseartha oideachais a dhéanamh gan é a bheith ag dul i bhfeidhm ar d'íocaíocht dífhostaíochta. Roimh duit an cúrsa a thosú, déan seiceáil le do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Chun leanúint den mhéid céanna d'íocaíocht dífhostaíochta a fháil, ní mór duit a bheith in ann a thaispeáint nach mbaineann an cúrsa faic de do chumas a bheith ar fáil chun oibre. Ní mór don Lárionad Intreo áitiúil nó don Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil a bheith sásta go bhfuil tú fós ar lorg oibre go gníomhach agus toilteanach dul i mbun oibre agus gur dócha go bhfeabhsóidh an cúrsa an seans go bhfaighidh tú post.

Ní shíneann rannpháirtíocht ar chúrsa staidéir an tréimhse a mbíonn Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta iníoctha.

2. Conas a dhéantar iarratas?

Is cóir duit teagmháil a dhéanamh leis an mBord Oideachais agus Oiliúna, scoil nó coláiste, leabharlann phoiblí nó Ionad Faisnéise do Shaoránaigh i do cheantar chun teacht ar shonraí de na cúrsaí is féidir leat a dhéanamh agus chun teacht ar chomhairle faoi conas áit a fháil ar an gcúrsa a roghnaíonn tú nó logáil isteach ar **www.qualifax.ie**.

Nuair a bheidh áit ar chúrsa faighte agat, déan iarratas trí fhoirm iarratais ar **Chúrsa Páirtaimseartha PTEO 1** a líonadh, rud atá ar fáil ó **www.welfare.ie**.

D - Oideachas Bunata Aosach

1. Cad is Oideachas Bunata Aosach ann?

Is é is Oideachas Bunata Aosach ann ná seirbhís shaor rúnda atá ar fáil i mbreis agus 100 scéim litearthachta ar fud na hÉireann. Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil chun freastal ar do riachtanais phearsanta, is cuma cén leibhéal oideachais atá agat.

Is féidir leat teagasc duine le duine nó teagasc grúpa a fháil i dtimpeallacht shuaimhneach neamhfhoirmiúil. Tugann teagascóirí, atá sainoilte chun daoine fásta a mhúineadh, tacaíocht agus spreagadh duit agus tú ag obair chun feabhas a chur ar do scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litriúcháin agus bunmhataimice.

Is féidir leat teagasc a fháil ar bhonn páirtaimseartha, i gcaitheamh an lae nó um thráthnóna, suas le dhá uair nó trí huair sa tseachtain. Féadfaidh cáilíochtaí amhail Teastas Cathrach agus Ceardchuallachtaí (City and Guilds) agus creidiúnú Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oilíúna a bheith mar thoradh ar na cúrsaí, agus féadfaidh siad thú a ullmhú freisin chun scrúduithe an Teastais Shóisearaigh a sheasamh in ábhair áirithe. Tá saoráidí creise ar fáil i dteannta roinnt Scéimeanna Litearthachta.

2. Conas a dhéantar iarratas?

Más mian leat feidhm a bhaint as an tSeirbhís um Oideachas Bunata Aosach, déan teagmháil le haon cheann díobh seo:

- An tEagraí um Oideachas Aosach, nó an tEagraí Litearthachta, i do Bhord Oideachais agus Oilíúna áitiúil,
- NALA, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, Íosghlao 1800 20 20 65 (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó +353 1 4127900 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).
- Aontas, an Cumann Náisiúnta um Oideachas Aosach; guthán (01) 406 8220 nó 406 8221.

E - Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS)

1. Cad í an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais?

Is áis í an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais atá á reáchtáil ag an **Roinn Oideachais agus Scileanna**, agus atá á hoibriú trí na Boird Oideachais agus Oiliúna. Uaireanta, maireann cúrsaí tréimhse chomh fada le dhá bhliain. Féadfaidh cáilíochtaí amhail an Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht agus Teastais Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna a bheith mar thoradh orthu.

Is iad príomhchuspóirí na scéime ná:

- deiseanna oideachais agus oiliúna a thabhairt do dhaoine difhostaithe chun cabhrú leo post a fháil, agus
- daoine a ullmhú chun dul i mbun fostaíochta ar phá nó chun tabhairt faoi dheiseanna breisoideachais as a dtiocfaidh fostaíocht ar phá.

Tá cúrsaí SDOG/VTOS saor in aisce; féadfar roinnt cúnaimh a chur ar fáil i dtaca le leabhair agus ábhair chúrsa.

Reáchtálann roinnt Bord Oideachais agus Oiliúna cúrsaí samplacha chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh ar an gcúrsa SDOG/VTOS is oiriúnaí chun freastal ar do riachtanais. Déan teagmháil le do Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúil chun a thuilleadh eolais a fháil.

2. Conas a cháilítear?

Is féidir leat cáiliú do SDOG/VTOS:

- má tá tú 21 bhliain d'aois ar a laghad
- má fhaigheann tú Liúntas nó Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó má tá tú ag síniú i gcomhair creidmheasanna le sé mhí ar a laghad.

Ina theannta sin, is féidir leat cáiliú má tá ceann díobh seo á fháil agat le **sé mhí ar a laghad**:

- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,
- Liúntas Míchumais,
- Sochar Breoiteachta,
- Pinsean Easláine,
- Pinsean na nDall,
- Liúntas do Bhanchéile Tréigthe,
- Sochar do Bhanchéile Tréigthe,
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach),
- Liúntas do Bhanchéile Príosúnaigh.

Má tá ceann de na híocaíochtaí seo á fháil agat, ní mór duit a bheith in ann a thaispeáint nach bhfuil tú gafa le fostaíocht ar phá le 6 mhí ar a laghad roimh duit an cúrsa a thosú.

Féadfar am a chaitear ar chúrsaí oiliúna SOLAS, ar Fhostaíocht Phobail, ar Thionscnamh Post nó am i bpríosún nó ar Ógtheagmháil a áireamh ó thaobh na tréimhse cáiliúcháin sé mhí.

Má cháilíonn tú do ‘ranníocaíochtaí curtha chun sochair’, leanfar díobh sin a bhronnadh le linn duit a bheith ar an gcúrsa. Má tá tú ag síniú i gcomhair creidmheasanna dífhostaíochta amháin, is féidir go gcaileoidh tú chun páirt a ghlacadh sa scéim ach **ní** bhfaighidh tú liúntas.

Má tá íocaíocht dífhostaíochta á fáil agat agus má fhaigheann tú méadú do do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, féadfaidh sé/sí páirt a ghlacadh i SDOG/VTOS freisin. Ní cháileoidh do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir d’íocaíocht dá c(h)eart féin, áfach, le linn dó/di a bheith ar SDOG/VTOS ach is féidir go bhfaighidh sé/sí liúntas beag lóin agus taistil (arna íoc ag an mBord Oideachais agus Oiliúna), i gcás ar cuí sin.

Tabhair faoi deara

Má tá Sochar Breoiteachta á fháil agat, ní mór duit cead ón Roinn a fháil roimh duit cúrsa SDOG/VTOS a thosú.

3. Conas a dhéantar iarratas?

Déan iarratas ar áit i SDOG/VTOS chuig do Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúil.

Tabhair faoi deara

Ní mór ceann de na híocaíochtaí ábhartha Leasa Shóisialaigh a bheith á fháil agat le 6 mhí ar a laghad roimh duit an cúrsa a thosú.

Tabhair faoi deara

Ós rud é go bhféadfaidh roinnt athruithe teacht ar na coinníollacha chun SDOG/VTOS a fháil nó ó thaobh na saghsanna cúrsaí SDOG/VTOS atá á dtairiscint, déan teagmháil le do Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúil chun an t-eolas is déanaí a fháil.

4. Conas a íoctar SDOG/VTOS?

Más iontrálaí nua thú ar íocaíocht leasa shóisialaigh, seachas íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta atá bainteach le haois, a cháilíonn don SDOG/VTOS, beidh an ráta seachtainiúil is iníoctha ar chóimhéid le d'íocaíocht roimhe seo a cháiligh dáiríre thú chun páirt a ghlacadh sa scéim. San áit ar cuí sin, is féidir freisin go gcáileoidh tú do mhéaduithe do dhuine fásta cáilithe agus do gach leanbh cáilithe.

Maidir le hiontrálaithe nua faoi bhun 26 bliana d'aois ar íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta atá bainteach le haois, gheobhaidh siad uasráta pearsanta €160. I gcásanna inarb ann d'acmhainn, measúnófar iad i bhfianaise an ráta €160.

Tabhair faoi deara

Is cóir duit teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Leasa Phobail na Roinne seo i do Lárionad Intreo áitiúil nó i d'Oifig áitiúil chun a fháil amach conas mar a fhéadfad dul i bhfeidhm ar d'Fhorlíonadh Cíosa nó Uis Mhorgáiste.

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais - SDOG/VTOS, déan teagmháil le do Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúil.

5. An ndéanfaidh mé ‘síniú’ fós ar an gcaoi chéanna?

Má tá tú cláraithe mar dhuine dífhostaithe, ní bheidh ort ‘síniú a dhéanamh’ i do Lárionad Intreo áitiúil nó i d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le linn duit a bheith ar an gcúrsa.

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: (071) 919 3302
Íosghlao: 1890 66 22 44

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaigh ar + 353 71 91 93302, le do thoil.

- Buail isteach chuig d’Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).